

Tuarascáil Tearmainn 2026

Achoimre Feidhmiúcháin



Tuarascáil Tearmainn 2026

Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn
san Aontas Eorpach

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Meitheamh 2026



© Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), 2026

Níl Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) ná aon duine atá ag gníomhú thar a ceann freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá san fhoilseachán seo.

Grianghraf cumhdaigh: Getty Images/[Stefano Guidi](#)

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026

Leagan BZ-01-26-013-GA-N ISBN 978-92-9418-448-1 2600-318X doi: 10.2847/9580308
PDF

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a admháil. Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EUAA a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóir an chóipchirt.

Note: *This translation has not been verified by the EUAA.*

Brollach

Don dara bliain as a chéile, tá líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ tar éis laghdú go dtí 0.8 milliún san iomlán. Ba mar thoradh ar shraith fachtóirí a tharla sé sin, lena n-áirítear forbairtí polaitiúla i dtíortha tionscnaimh lárnacha – amhail sa tSiria – agus mar gheall ar chomhoibriú na hEorpa le tíortha comhpháirtíochta, a laghdaíodh an tsoghluaisteacht ar fud na mbealaí imirce chun na hEorpa dá bharr. Ag an am céanna, lean tíortha AE+ orthu ag soláthar cosaint shealadach do thart ar 4.5 milliún duine easáitithe ón Úcráin – agus an chuid is mó díobh glactha ag tíortha áirithe – agus lean tionscnaimh ar aghaidh i dtaca le réitigh fhadtéarmacha um éascú dheireadh na cosanta sealadaí i mí an Mhárta 2027.



Misean coiteann do thíortha AE+ uile in 2025 ba ea ullmhúcháin chun an Comhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann a ghníomhachtú ó mhí an Mheithimh 2026 ar aghaidh. D'fhóin pleananna cur chun feidhme náisiúnta agus straitéisí náisiúnta mar threoir le haghaidh leasuithe, ar leasuithe iad a bheidh seoladh chóras tearmainn athchóirithe na hEorpa mar thoradh orthu go luath amach anseo.

Ní ina n-aonar a bhí siad sa phróiseas sin, ámh. Chuir an Coimisiún Eorpach, i gcomhar le Gníomhaireachtaí an Aontais, idir threoraíocht agus tacaíocht ar fáil. Chabhraigh an Gníomhaireacht leis na hiarrachtaí sin tríd an gclár tiomnaithe Comhshocraíochta, lena soláthraíodh raon leathan aschur. Chuir EUAA tacaíocht oibríochtúil ar fáil do thíortha ar an láthair, chuir sé oiliúint ar ghairmithe tearmainn – lena n-áirítear trína Acadamh EUAA creidiúnaithe – d'fhorbair sé ábhar teicniúil chun cuidiú le cleachtóirí próisis chomhchuibhithe a chur i bhfeidhm, agus d'eisigh sé anailís staide chun treoraíocht a chur ar fáil d'fhonn eolas a dhéanamh don bheartas.

Go deimhin, agus an staid sa tSiria ag athrú, mar shampla, bhí EUAA in ann faisnéis maidir le beartas agus cleachtas thíortha AE+ i leith iarratasóirí ón tSiria a bhailiú go tapa, agus cuireadh faisnéis ardchaighdeán ar fáil maidir le forbairtí sa tír sin a bhfuil le taighde faisnéise faoin tír thionscnaimh. Ach forléargas a sholáthar ar chur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte i dtíortha AE+, thacaigh EUAA freisin leis an bpróiseas reachtach um ghlacadh le liosta uile-Eorpach de thíortha sábháilte tionscnaimh, agus le coincheap athbhreithnithe an tríú tír shábháilte.

Ní deireadh ar fad a bheidh i mí an Mheithimh 2026, ach aistriú chuig céim éabhlóideach eile den Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CET). Is céim í sin ina bhféadfadh go leor 'foghlaim trí ghníomhaíocht' a bheith ag teastáil. Anuas air sin, is próiseas a bheidh ann trína dtreorófar, leis an aiseolas a gheofar ó chur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha nua, oiriúnuithe a bheidh le déanamh ar an leibhéal oibríochtúil agus ar an leibhéal beartais. Mar chuid den phróiseas, leanfaidh ár nGníomhaireacht de thacú le tíortha agus dá saineolas a chur ar fáil ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach CET.

Nina Gregori
Stiúrthóir Feidhmiúcháin
Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann



Clár

Brollach.....	4
Réamhrá	6
1. Mórforbairtí maidir le tearmann san Aontas Eorpach in 2025	7
2. Rochtain ar chosaint idirnáisiúnta a bhainistiú.....	9
3. Tionscnaimh le haghaidh nósanna imeachta tearmainn níos cuíchóirithe agus níos comhchuibhithe.....	11
4. Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.....	12
5. Freagracht as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta	12
6. Cur chuige comhchuibhithe maidir le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil	14
7. Cearta na dtairbhithe de chosaint idirnáisiúnta maidir le cuimsiú agus lánpháirtiú.....	15
Bosca 1. Cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin.....	16
1. Coimircí dlíthiúla do leanaí agus d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu	17
Focal scoir.....	19



Réamhrá

San achoimre feidhmiúcháin den [Tuarascáil tearmainn 2026: Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san Aontas Eorpach](#) déantar achoimre ar na príomhfhorbairtí i gcosaint idirnáisiúnta a chuirtear i láthair sa phríomhthuarascáil. Tá an achoimre ar fáil in [31 teanga](#), lena n-áirítear teangacha uile an Aontais, mar aon leis an Albáinis, an Araibis, an Mhacadóinis, an Rúisis, an tSeirbis, an Tuircis agus an Úcráinis.

Is féidir an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa phríomhthuarascáil a fheiceáil i roinnt acmhainní breise, so-úsáidte:




- Cuirtear i láthair sa [Bhunachar Sonraí Náisiúnta um Fhorbairtí Tearmainn](#) na forbairtí reachtacha, institiúideacha agus beartais a ndéantar cur síos orthu sa tuarascáil. Is féidir nuashonruithe a chuardach de réir tíre, ábhair, bliana agus cineál forbartha. Déantar achoimre ar an bhfaisnéis freisin, agus cuirtear i láthair i dtábla de réir tíre agus de réir réimse téamach í i ndoiciméad .pdf.
- Cuirtear i láthair sa tuarascáil rogha forbairtí dlí-stuamachta bunaithe ar [Bhunachar Sonraí Cásdlí EUAA](#). Tabharfar léitheoirí chuig an gcás sonrach sa bhunachar sonraí ach cliceáil ar na hipearnaisc laistigh den téacs.
- Cuirtear na foinsí ar baineadh úsáid astu chun an *Tuarascáil tearmainn* a chur le chéile i láthair sa liosta tagairtí ag deireadh na tuarascála. Tá siad ar fáil freisin ar an mBunachar Sonraí um Chosaint Idirnáisiúnta san Eoraip, faoi [Foinsí](#), le feidhmeanna curdaigh agus easpórtála.

Chun an t-eolas is déanaí a fháil maidir le gníomhaíochtaí agus tacaíocht EUAA do na Ballstáit, féach na grafaicí eolais: <https://www.euaa.europa.eu/asylum-report-2026/section-10-euaa-support-2025>

Maidir leis na príomhfhorbairtí de réir tíre, féach na forléargais ar na tíortha: <https://www.euaa.europa.eu/asylum-report-2026/country-overviews>

Additional resources to the Asylum Report 2026



Translations
in all EU
languages
and 7 non-EU
languages



Click on [Database on International Protection in Europe](#) to consult sources on asylum



1. Mórforbairtí maidir le tearmann san Aontas Eorpach in 2025



Bliain d'aistriú, d'athstruchtúrú, de bheartú straitéise agus d'infheistiú i nuachóiriú ailtireacht tearmainn agus imirce na hEorpa a bhí in 2025 i gcomhthéacs laghdú suntasach ar líon na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Bhí cur chun feidhme an Comhshocraithe Nua maidir le hImirce agus Tearmann i gcroílár cheapadh beartas na hEorpa, agus iarracht á dhéanamh torthaí inlámhsithe a bhaint amach chomh luath agus ab fhéidir. Dhírigh tionscnaimh ar éifeachtúlacht i nósanna imeachta tearmainn a mhéadú, ar aghaidh a thabhairt ar bhrú ag teorainneacha seachtracha, agus ar éifeachtacht an fhillea a mhéadú. D'fheidhmigh na pleananna náisiúnta cur chun feidhme mar threoir chun an Comhshocrú a iompú ina réaltacht oibríochtúil, agus soláthraíodh saineolas agus acmhainní airgeadais ón gCoimisiún Eorpach – chomh maith le cúnamh ó ghníomhaireachtaí ábhartha AE do Bhallstáit den Aontas – chun a chinntiú go mbeadh a gcórais náisiúnta tearmainn agus ghlactha réidh faoi mhí an Mheithimh 2026.

Mar iarracht chun gnéithe áirithe den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn a chur i bhfeidhm ag céim luath, chuir an Coimisiún Eorpach dhá thogra i láthair i mí Aibreáin agus i mí na Bealtaine 2025 maidir le coincheapa na tíre sábháilte, liosta AE de thríú tíortha tionscnaimh sábháilte, agus rialacha nua i dtaca le cur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte a éascú. Ba é ab aidhm don chéad togra forálacha an Rialacháin maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn a thús-ualú, ar dá réir is féidir iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ó náisiúnaigh de thíortha a bhfuil ráta aitheantais 20 % nó níos ísle acu ar fud an Aontais a phróiseáil faoin nós imeachta luathaithe nó faoin nós imeachta teorann. Moltar sa togra freisin gur féidir tíortha tionscnaimh shábháilte agus tríú tíortha sábháilte a ainmniú le heisceachtaí.

Bhain an dara togra le cur i bhfeidhm choincheap an tríú tír shábháilte. Bhí sé d'aidhm aige sin dlús a chur le nósanna imeachta tearmainn agus an brú ar chórais tearmainn a laghdú, agus coimircí dlíthiúla d'iarratasóirí á gcoinneáil ar bun ag an am céanna. Leis na hathruithe a moladh, ní raibh sé éigeantach d'iarratasóir nasc a bheith acu leis an tríú tír shábháilte; bunaíodh go raibh trasnú trí thír shábháilte ina nasc leordhóthanach idir an t-iarratasóir agus an tír sin, agus cuimsíodh an fhéidearthacht an coincheap a chur i bhfeidhm fiú mura mbíonn nasc le tír shábháilte nó trasnú tríú tír shábháilte ann nuair a bhíonn comhaontú nó socrú ar leith ann leis an tríú tír chun na críche sin.

I mí Feabhra 2026, thug Parlaimint na hEorpa cead do na rialacha nua, agus rinne an Chomhairle athbhreithniú foirmiúil ar choincheap an tríú tír shábháilte, agus ghlac sí leis an gcéad liosta Eorpach de thíortha tionscnaimh sábháilte, lena n-áirítear an Bhanglaidéis, an Cholóim, an Éigipt, an India, an Chosaiv¹, Maracó agus an Túinéis

Chun cur leis an gcreat reachtach den Comhshocrú, mhol an Coimisiún Eorpach i mí an Mhárta 2025 an beartas Eorpach maidir le fillleadh a nuachóiriú trí chóras coiteann AE um fhilleadh. Foráiltear leis an [Rialachán](#) do nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit chun cinntiú um fhilleadh agus Ordú Eorpach aonair um Fhilleadh a eisiúint, lena gcothófar aonfhoirmeacht,

¹ Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.





trédhearcacht agus comhordú. I mí na Samhna 2025, sheol an Coimisiún Eorpach an chéad timthriall bliantúil bainistithe imirce, ina mbeidh an méid seo a leanas:

- an Tuarascáil bhliantúil Eorpach ar thearmann agus imirce (EAAMR), ina dtugtar léargas ar dhálaí an tearmainn agus na himirce san Aontas;
- cinntí ón gCoimisiún Eorpach lena gcinntear leibhéal brú imirce na mBallstát; agus
- an Togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Comhthiomsú Dlúthpháirtíochta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mBallstát atá faoi bhrú.

De réir EAAMR, a chlúdaigh an tréimhse ó Iúil 2024 go Meitheamh 2025, tháinig feabhas ar an staid imirce san Aontas, ach bhí dúshlán leanúnacha ann, amhail brú leanúnach ó theacht isteach neamhrialta, gluaiseacht neamhúdaraíthe laistigh den Aontas, agus an imirce a bheith á húsáid mar arm ag an Rúis agus ag an mBealarúis.

Bunaithe ar an anailís staide a cuireadh ar fáil sa tuarascáil, chinn an Coimisiún Eorpach go raibh an Chipir, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn ‘faoi bhrú imirce’, agus go raibh siad incháilithe chun rochtain a fháil ar Chomhthiomsú Dlúthpháirtíochta an Aontais nuair a thiocfaidh an Comhshocrú i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2026. Aithníodh grúpa eile tíortha, ina raibh an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Ghearmáin, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír agus an Pholainn, mar thíortha a bhí ‘i mbaol brú imirce.’ Ar deireadh, sainaithníodh an Ostair, an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Eastóin agus an Pholainn mar ‘tíortha a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach i dtaca le himirce’ mar gheall ar an mbrú carnach a bhí ann sna 5 bliana roimhe sin. Leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta bliantúil a bhunú, socraíodh na riachtanais le haghaidh 2026 ag 21 000 athlonnú – nó ranníocaíocht airgeadais dar luach EUR 420 milliún san iomlán – agus cuirfear tús leis an gcur chun feidhme ón 12 Meitheamh 2026 ar aghaidh.

Chun cuspóirí polaitiúla an Aontais maidir le tearmann agus imirce a leagan amach do na blianta amach romhainn, thólaic an Coimisiún Eorpach Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce i mí Eanáir 2026. Feidhmíonn an straitéis mar threoir chun na trí phríomhchuspóir a bhaint amach, i.e. an imirce neamhdhleathach a chosc, daoine atá ag teitheadh ó chogadh agus ó ghéarleanúint a chosaint, agus tallann a mhealladh isteach san Aontas.

Maidir leis an ngné sheachtrach den bheartas imirce agus tearmainn, lean an tAontas de chur chuige uile-bhealaigh a ghlacadh maidir le bainistiú imirce ach comhordú le páirtithe leasmhara éagsúla. I measc na dtionscnamh sin bhí aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce, cabhrú le tíortha comhpháirtíochta a n-acmhainneacht a mhéadú maidir le bainistiú teorainneacha agus cur in aghaidh líonraí smuigleála, rannchuidiú le réitigh chosanta do dhaoine easáitithe in áiteanna éagsúla ar domhan, agus bealaí sábháilte agus dlíthiúla chun na hEorpa a thairiscint mar rogha eile ar an imirce neamhrialta. Chomh maith le comhoibriú atá bunaithe ar dhreasachtaí dearfacha, tá sé beartaithe ag an Aontas sochair a tharraingt siar in imthosca eisceachtúla nuair a bhaintear úsáid as na socruithe atá ann cheana féin ar bhealaí a chruthaíonn dúshlán shuntasacha ó thaobh imirce agus slándála de. Chuige sin, tháinig rialachán nua i bhfeidhm lena bhforáiltear do shásra athbhreithnithe maidir le fionraí víosaí.





2. Rochtain ar chosaint idirnáisiúnta a bhainistiú



In 2025, tháinig laghdú ar líon na n-iarratas ar thearmann a taisceadh i dtíortha AE+ don dara bliain as a chéile go dtí 822 000 (*féach Fíor 1*). Ba laghdú faoi aon chúigiú é sin i gcomparáid le 2024, an t-iomlán ab ísle ó 2021 i leith. Ba í an Ghearmáin an phríomhthír ghlactha fós (163 000 iarratas), cé go raibh sí ar leibhéal i bhfad ní b'ísle ná mar a bhí in 2024 (laghdú beagnach aon trian), agus ina dhiaidh sin an Fhrainc (152 000), an Spáinn (143 000) agus an Iodáil (134 000).


Agus machnamh a dhéanamh ar iarratais ar thearmann i ndáil le méid an daonra, taisceadh thart ar 1 800 iarratas ar an meán in aghaidh gach 1 mhilliúin áitritheoir ar fud tíortha AE+. Ba ag an nGréig agus ag an gCipir a bhí an líon ba mhó iarratasóirí ar thearmann in aghaidh an mhilliúin áitritheoir (5 900 agus 4 500, faoi seach). I bhfad ina ndiaidh bhí an Spáinn, an Bheilg agus an Eilvéis (thart ar 2 900 an ceann acu).

Bhain iarratais in 2025 le líon teoranta de náisiúntachtaí. Ba iad na cúig ghrúpa ba mhó ná saoránaigh de chuid na hAfganastáine (14 % de na hiarratais go léir), na Veiniséala (11 %), na Siria (5 %), na Banglaidéise (4 %) agus na Tuirce (4 %).

Tháinig méadú 39 % ar líon na n-iarratas a rinneadh arís agus arís eile i gcomparáid le 2024, rud a d'fhág go raibh an leibhéal ab airde ann riamh. Bhí siad freagrach as 15 % de na hiarratais uile ar thearmann in 2025, an sciar ab airde riamh. D'fhéadfaí é sin a chur i leith [bhreithiúnas ó CBAE](#) i mí Dheireadh Fómhair 2024 gur leor forais an inscne agus na náisiúntachta do mhná de bhunadh na hAfganastáine a bheith i mbaol gníomhartha géarleanúna, rud a d'fhág go raibh borradh faoi líon na n-iarratas arís agus arís eile thar ceann Afganastánach.

Rinne náisiúnaigh tíortha a bhfuil rátaí ísle aitheantais acu sciar méadaitheach d'iarratais ar thearmann a thaisceadh in 2025, agus b'ionann é sin agus ní ba mhó ná leath de líon iomlán na n-iarratas. Faoi rialacha an Chomhshocraithe, ó mhí an Mheithimh 2026 ar aghaidh, in imthosca áirithe a shainítear faoi Airteagal 43(1) den Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn, beidh saoránaigh tíortha a bhfuil rátaí ísle aitheantais acu (a thagann faoi bhun 20 %) faoi réir an nós imeachta teorann éigeantaigh.



Fíor 1. Líon na n-iaratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+, 2015-2025

Foinse: Sonraí EUAA maidir leis an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta ar an 3 Feabhra 2026.

I gcaitheamh na bliana, d'oibrigh tíortha AE+ i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus le gníomhaireachtaí AE chun acmhainneacht TF a nuachóiriú ag na teorainneacha, lena n-áirítear na hacmhainní teicniúla, oibríochtúla agus riaracháin is gá le haghaidh fheidhmiú an chórais nua Eurodac a chinntiú. Chun ullmhú d'fheidhmiú gan uaim agus comhchuibhithe an scagtha, an nós imeachta teorann um thearmann agus an nós imeachta teorann um fhilleadh, lean na húdaráis náisiúnta den obair reachtach agus d'ullmhúcháin phraiticiúla, lena n-áirítear trí shaoráidí riachtanacha a thógáil, acmhainneacht leordhóthanach a áirithiú, treoraíocht agus uirlisí praiticiúla a fhorbairt, agus oiliúint a chur ar fáil do ghairmithe a mbeidh orthu na nósanna imeachta nua a chur chun feidhme.

Agus iad ag freagairt do bhrúnna imirceacha measctha agus do dhúshlán slándála ag teorainneacha seachtracha, lean tíortha AE+ de dhíriú ar bhainistiú teorainneacha agus de chórais chosanta ní ba dhéine a choinneáil ar bun, rud a d'fhág go raibh baol ann in amanna nach mbeadh rochtain éifeachtach ag daoine a bhféadfadh cosaint a bheith ag teastáil orthu ar an gcríoch agus ar an nós imeachta um thearmann. Is minic a rinne eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta grinnscrúdú ar na cleachtais sin, chomh maith le hinstiúidí breithiúnacha, inar tugadh aghaidh ar theagmhais de dhrochíde a tuairiscíodh, ar bhrúnna siar líomhnaithe agus ar fhilleadh achomair, agus ar bhearta a rinne údaráis náisiúnta in aghaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta a dhéanann gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála.



3. Tionscnaimh le haghaidh nósanna imeachta tearmainn níos cuíchóirithe agus níos comhchuibhithe



I réimse na nósanna imeachta tearmainn, bhí gníomhaíochtaí thíortha AE+ dírithe ar thrí phríomhréimse: líon na gcásanna atá ar feitheamh ag fanacht ar chinneadh a laghdú, acmhainneacht a leithdháileadh chun socrú a dhéanamh maidir le cur chun feidhme praiticiúil na rialacha nua, agus oiliúint a chur ar bhaill foirne maidir leis na forálacha nua. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún Eorpach tacaíocht airgeadais ar fáil (amhail an ionstraim tacaíochta teicniúla), chuir EUAA tacaíocht theicniúil ar fáil agus d'oibrigh tíortha AE+ i gcomhar déthaobhach chun saineolas a mhalartú. Mar a cheanglaítear leis an gComhshocrú, leithdháil siad acmhainní suntasacha freisin chun pleananna náisiúnta teagmhasacha a fhorbairt do chásanna éagsúla, lena n-áirítear táscairí agus tairseacha chun bearta freagartha sonracha a ghníomhachtú agus a dhíghníomhachtú.

Cuireadh gníomhaíochtaí forbartha acmhainne ar oiriúint don chás uathúil i leith tearmainn agus glactha i ngach tír. Lean roinnt tíortha orthu ag díriú ar athruithe eagraíochtúla, ar earcú foirne agus ar ghníomhaíochtaí oiliúna chun scileanna a fhorbairt. Lean roinnt údarás tearmainn d'athbhreithniú nó de mhionchoigeartú a dhéanamh ar nósanna imeachta inmheánacha, agus de theimpléid agus dréachtchinntí a thabhairt cothrom le dáta agus é mar chuspóir acu éifeachtúlacht a bpróiseas cinnteoireachta a mhéadú. Chun tacú le cinntí ardchaighdeáin a dhéantar go sciobtha, rinne tíortha AE+ nuashonrú ar bheartais tír-shonracha bunaithe ar athruithe i dtíortha tionscnaimh. Mar sin féin, chuaigh an staid luaineach i roinnt tíortha tionscnaimh i bhfeidhm ar phróiseáil cásanna, agus ó am go chéile, chuir údarás tearmainn stop le próiseáil cásanna náisiúnaigh ó thíortha tionscnaimh áirithe.

In 2025, d'eisigh tíortha AE+ thart ar 874 000 cinneadh céadchéime, an líon ba mhó ó 2017. Ba é an t-ardú géar ar líon na ndíúltuithe ba chúis leis an méadú, go príomha i gcás shaoránaigh de thíortha a bhfuil ráta aitheantais íseal acu (20 % nó níos ísle). Is sa Ghearmáin, agus sa Fhrainc agus sa Spáinn ina dhiaidh sin, a eisíodh formhór na gcinntí. Tháinig laghdú ar chásanna a bhí ar feitheamh ag an gcéad chéim go 863 000 in 2025, ó 986 000 in 2024 (laghdú thart ar 13 %). Cé gur chuir roinnt tíortha AE+ borradh faoi chinnteoireacht chéadchéime, ba é an laghdú ar líon na gcásanna ar feitheamh an toradh a bhí ar ní ba lú iarratas a bheith curtha isteach. D'ainneoin an laghdaithe ar chásanna ar feitheamh ag an gcéad chéim, léirigh ní ba mhó d'achomhairc ar an iomlán go raibh an t-ualach cásanna seasmhach agus ard ag gach céim.

Agus an Coimisiún Eorpach ag cur béim ar an tábhacht a bhaineann le comhoibriú le comhlachtaí breithiúnacha, agus ar iad a neartú chun ullmhú do ghníomhachtú rialacha an Chomhshocráithe, rinne roinnt tíortha AE+ infheistíocht i méadú acmhainneachta ag an dara leibhéal nó ag leibhéal ní b'airde.



4. Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta



D'oibrigh tíortha AE+ i gcomhar a chéile ar thrasuí na Treorach maidir le Dálaí Glactha 2024 sa dlí náisiúnta de réir an spriocdháta, i.e. an 12 Meitheamh 2026, chomh maith le hoiriúnú do rialacháin eile a imríonn tionchar ar ghlacadh, amhail an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce agus an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn. Agus iad á dtreorú ag a bpleananna náisiúnta cur chun feidhme, d'oiriúnaigh tíortha AE+ a ndálaí glactha agus thug siad aghaidh ar bhearnaí i dtaobh a gcumais glactha, lena n-áirítear d'iarratasóirí ar an nós imeachta teorann. Dá réir sin, bhí gá ag go leor tíortha ionaid scagtha agus saoráidí cóiríochta a bhunú d'iarratasóirí a bhí faoi réir an nós imeachta teorann. Rinneadh athruithe ar chórais bainistithe cásanna agus TF mar thoradh ar riachtanais oibríochtúla fosta. Chuidigh an chéad leagan den timthriall bliantúil bainistithe imirce le sonraí ar chaighdeán ní b'airde maidir le córais ghlactha ar fud thíortha AE+.

Mar thoradh ar an laghdú ar iarratais ar thearmann, laghdaíodh an brú ar chórais ghlactha i roinnt tíortha, agus thosaigh na tíortha sin ag laghdú a gcumais glactha. I gcodarsnacht leis sin, choinnigh nó mhéadaigh roinnt tíortha – ina raibh córais ghlactha faoi bhrú go fóill – a gcumas. I gcás ceannródaíoch maidir le hacmhainneacht ghlactha, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nach féidir le Ballstát rabharta dosheachanta iarratasóirí nach bhféadfaí a thuar a úsáid mar leithscéal chun a oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a sheachaint i dtaca le bunriachtanais iarrthóirí tearmainn a shásamh – rud a thaispeánann an gá atá le hinniúlacht mhaolánach chun bheith in ann plé le borradh féideartha i líon na n-iarratasóirí.

Is fada anois atá tíortha AE+ ag tabhairt aghaidh ar thionchar na ngluaiseachtaí tánaisteacha. Lean roinnt acu orthu ag cur tionscnamh nua i bhfeidhm nó sheol siad tionscnaimh nua chun tabhairt faoi, mar shampla trí athruithe a dhéanamh ar na coinníollacha glactha, i gcomhréir leis an Treoir maidir le Dálaí Glactha (2024), Airteagal 21 agus an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, Airteagal 18. Sonraítear sna forálacha sin nach bhfuil iarratasóirí ar tugadh fógra dóibh faoi chinneadh aistrithe chuig an mBallstát atá freagrach i dteideal dálaí glactha a thuilleadh, agus an ceart chun caighdeán mhaireachtála i gcomhréir le dlí an Aontais acu ag an am céanna.

5. Freagracht as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta




San iomlán, cuireadh 18 000 aistriú faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath i bhfeidhm in 2025 ar fud thíortha AE+, líon atá cosúil le 2024 (*féach Fíor 2*). Ba é sin an dara figiúr ba mhó ó 2019 i leith, ach fós bhí sé i bhfad faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. Bhí tionchar ag an mbrú ar chórais ghlactha i roinnt tíortha AE+ ar chur chun feidhme aistrithe Bhaile Átha Cliath fós, den chuid ba mhó. Cé gur dheimhnigh cúirteanna náisiúnta aistrithe den chuid ba mhó, bhí fianaise cothrom le dáta ar shaincheisteanna tromchúiseacha maidir le rochtain a fháil ar



dhálaí glactha ábhartha sa Bhallstát atá freagrach ar cheann de na príomhchúiseanna le cinntí thar ceann na n-údarás náisiúnta iarrataí a chur ar ceal.

Fíor 2. Líon na n-aistrithe a cuireadh chun feidhme thar iomlán na n-iarrataí ó Bhaile Átha Cliath ar glacadh leo, 2025



Foinse: Sonraí EUAA maidir leis an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta ar an 3 Feabhra 2026.

Dhírigh tíortha AE+ ar aistriú ó chur i bhfeidhm Rialachán Bhaile Átha Cliath III i dtreo chur i bhfeidhm Rialachán nua Eurodac agus an Rialacháin maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce. Rinneadh soiléiriú ar roinnt débhríochtaí dlíthiúla agus phraiticiúla i gcaitheamh na bliana, ach bhí ceisteanna áirithe fós ann go dtí an 19 Nollaig 2025 nuair a glacadh go foirmiúil leis an gCinneadh cur chun feidhme maidir le Comhthiomsú Dúlthpháirtíochta bliantúil 2026 a bhunú. Cé gurbh fhearr le roinnt údarás náisiúnta fanacht leis na soiléirithe agus plean cur chun feidhme ní ba mhionsonraithe a fhorbairt ina dhiaidh sin, thosaigh formhór na riarachán ag pleanáil bunaithe ar chásanna éagsúla.

Rinne aonaid Bhaile Átha Cliath iarracht chomhbheartaithe a riaráistí a imréiteach chun úsáid chomhuaineach na rialacha a bhí ann roimhe agus na rialacha nua a sheachaint, a mhéid ab fhéidir, tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhshocraithe. Mar sin féin, bhí ganntanas foirne in aonaid Bhaile Átha Cliath ina fhadhb leanúnach fós. Ina theannta sin, bhí sé dúshlánach do go leor d'fhoireann Bhaile Átha Cliath bainistiú a dhéanamh ar an ualach cásanna leanúnach agus tabhairt faoi oiliúint ag an am céanna. Chuir roinnt údarás in iúl go raibh oiliúint spriocdhírthe ag teastáil freisin ar pháirtithe leasmhara lasmuigh d'aonaid Bhaile Átha Cliath chun a chinntiú go dtuigfidís na rialacha nua agus, mar shampla, go bhféadfaidís iarratasóirí a chur ar an eolas i gceart faoin nós imeachta.

Dúshlán mór do thíortha AE+ sa phróiseas aistrithe ba ea oiriúnú na gcóras TF, lena n-áirítear córais bainistithe cásanna a athchumrú chun foirmeacha, teimpléid agus sreafaí oibre nua a chur san áireamh. I roinnt tíortha, tá tionscadail TF atá nasctha le cur i bhfeidhm Eurodac agus an Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce mar chuid de chlár digitithe níos leithne.



In 2025, eisíodh 120 000 cinneadh mar fhreagairt ar iarrataí Bhaile Átha Cliath, de réir shonraí sealadacha ó Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta EUAA. Léirigh sé sin laghdú 24 % ó 2024 i leith, agus an leibhéal ab ísle ó 2021 i leith. Tugann an laghdú le fios go bhfuil laghdú tagtha ar ghluaiseachtaí tánaisteacha, ina mbogann iarrthóirí tearmainn ón gcéad tír theachta go dtí tír eile chun iarratas nua a dhéanamh, agus tá an méid sin ag teacht leis an laghdú foriomlán ar iarratais ar thearmann.

6. Cur chuige comhchuibhithe maidir le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil



Chuir srianta polaitiúla, oibríochtúla agus airgeadais teorainn le forbairtí i réimse an athlonnaithe agus an ligin isteach ar fhoras daonnúil le linn 2025. I measc na dtosca a chuir bac ar athlonnú dídeanaithe bhí:

- ceisteanna a bhain le cur i bhfeidhm fhorálacha an Comhshocraithe ar an leibhéal teicniúil, amhail stóráil agus aistriú sonraí trí úsáid a bhaint as próisis atá i gcomhréir le rialachán Eurodac;
- an staid luaineach slándála agus pholaitiúil sa Mheánoirthear a chruthaigh dúshláin ar an leibhéal oibríochtúil; agus
- an brú leanúnach ar roinnt córas glactha i dtíortha AE+, a chuir teorainn lena gcumas dídeanaithe athlonnaithe a ghlacadh isteach.

Mar thoradh air sin, as 61 000 gealltanais san iomlán a thug 14 thír faoi scéim an Aontais um athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil 2024-2025, níor tháinig ach thart ar 10 000 dídeanaí go tíortha AE+ in 2025, chomh maith le beagnach 14 000 in 2024. Tar éis 10 mbliana de Shiriaigh a bheith ar an náisiúntacht ba mhó a athlonnaíodh, bhí Afganastánaigh (2 900) sa chéad áit in 2025, le Siriaigh (1 800), Congólach (1 600) agus Súdánaigh (1 400) ina ndiaidh.

I mí na Nollag 2025, d'fhorhmeas an Chomhairle an chéad Phlean Leathbhliantúil an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil don tréimhse 2026-2027. Chuir naoi dtír a gcuid gealltanais isteach; ba é sin 10 430 áit san iomlán, lena áiríodh 8 330 athlonnú agus 2 100 iontráil ar fhoras daonnúil. Léirigh an laghdú suntasach ar oibleagáidí náisiúnta an laghdú gearrálta ar líon na n-iontrálacha ar leibhéal an Aontais.



7. Cearta na dtairbhithe de chosaint idirnáisiúnta maidir le cuimsiú agus lánpháirtiú



Tagraíonn ‘inneachar na cosanta’ do na cearta a bhfuil tairbhithe de chineál ar bith de chosaint ina dteideal i dtír thearmainn, chomh maith leis na hoibleagáidí gaolmhara a ghabhann léi. Bronntar an chosaint nuair a fhaigheann iarratasóirí cinneadh dearfach lena mbronntar stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí orthu (dá ngairtear stádas AE-comhchuibhithe freisin). Tagraíonn an ráta aitheantais don líon torthaí dearfacha mar chéatadán den líon iomlán cinntí maidir le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta. Cé go mbronntar stádas cosanta do náisiúnaigh tríú tír trí bhíthin cineálacha náisiúnta de chosaint, de ghnáth ní áirítear na stádais sin – nach bhfuil comhchuibhithe ar fud tíortha AE+ – agus an ráta aitheantais á ríomh.

In 2025, tháinig laghdú suntasach ar an ráta aitheantais do chosaint idirnáisiúnta ó 42 % in 2024 go 29 %. Is léir gur fheidhm é an laghdú sin – go páirteach, ar a laghad – maidir le cinnteoireacht a chur ar fionraí d’iarratasóirí ón tSiria arbh ionann iad agus sciar mór de na cinntí dearfacha atá bronnta le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, bronnadh thart ar 56 % de na cinntí ar náisiúnaigh tíortha a bhfuil ráta íseal aitheantais acu. Maidir leis na 69 saoránacht ar bronnadh 1 000 cinneadh ar a laghad ina leith in 2025, bhí ráta aitheantais de ní ba lú ná 20 % ag 42 díobh.

Fuair náisiúnaigh ón Tuirc, ó Veiniséala, ón mBanglaidéis agus ón gColóim (in ord íslitheach) aon trian de na cinntí diúltacha go léir. Mar sin féin, is minic a bronnadh cineál náisiúnta cosanta ar Veiniséalaigh agus ar Cholómaigh, nó aistríodh iad chuig cineál éagsúil áite cónaithe. Bhí na rátaí aitheantais ard do náisiúnaigh ó thíortha géarchoinbhleachta agus ardchoinbhleachta, i.e. idir 70 % go 90 % d’iarratasóirí ón tSúdáin, ó Mhailí, ó Háítí, ón Úcráin agus ó Mhaenmar/Burma (in ord íslitheach).

Lean tíortha AE+ de bheith ag teorannú teacht isteach daoine trí bhíthin athaontú teaghlaigh, mar bhealach chun an brú ar chórais tearmainn agus ghlactha a mhaolú, agus uaireanta ar chórais shóisialta náisiúnta agus bhargasacha. Le blianta beaga anuas, tá UNHCR, eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, meithleacha machnaimh, eagraíochtaí an tsaoil acadúil, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta ag tabhairt rabhadh arís agus arís eile faoin tionchar diúltach a d’fhéadfadh a bheith ag rialacha níos déine maidir le hathaontú teaghlaigh ar chomhtháthú tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta.

Lean tíortha AE+ orthu ag díriú ar thairbhithe a chomhtháthú trí straitéisí agus bearta nua a sheoladh chun rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair agus ar oideachas. D’ainneoin na dtionscnamh sin, bhí bacainní fós le sárú ag tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta i dtíortha AE+ agus iad ag iarraidh an teanga a fhoghlaim, clárú le haghaidh oideachais nó post a lorg, agus bhí dúshlán maidir le rochtain ar thithíocht fós ag cur isteach ar ionchais i dtaca leis an gcomhtháthú. Lean eagraíochtaí na sochaí sibhialta de ról barrthábhachtach a bheith acu maidir le tairbhithe a lánpháirtiú go héifeachtach trí raon seirbhísí a sholáthar chun na críche sin.




Bosca 1. Cosaint shealadach do dhaoine easáitithe ón Úcráin



Faoi dheireadh 2025, bhí thart ar 4.5 milliún duine faoi chosaint shealadach ar fud thíortha AE+. D’fhan an figiúr sin réasúnta cobhsaí ó thús 2023, agus leanann sé de chur go mór le líon foriomlán na ndaoine san Eoraip a bhfuil riachtanais chosanta acu. I gcoibhneas le méid a ndaonraí, ba iad an tSeicia, an Pholainn agus an tSlóvaic a d’óstáil an líon ba mhó d’Úcránaigh easáitithe *per capita* (féach Fíor 3).

Fíor 3. An líon daoine faoi chosaint shealadach in aghaidh an mhilliúin áitritheoir de réir tír ghlactha, Nollaig 2025



Tabhair do d’aire: * = Asbhaineadh na sonraí roimh mhí Feabhra 2026

Foinse: Méideanna daonra: Eurostat (DEMO_GIND) asbhainte an 5 Feabhra 2026. Tair...ithe de ch...aint shealadach: Eurostat (MIGR_ASYTPSM) asbhainte an 10 Feabhra 2026.

Sna 4 bliana ó ionradh na Rúise ar an Úcráin, tá tíortha AE+ ag leanúint ar aghaidh dá mbeartas a athrú i dtreo réitigh fhadtéarmacha, mar shampla deiseanna a thairiscint chun aistriú chuig cead cónaithe náisiúnta malartach. Ag an am céanna, leanann siad orthu ag cur an chomhtháthaithe chun cinn ar go leor leibhéal, lena n-áirítear sa mhargadh saothair agus san oideachas. Cuireann ‘Moil Aontachta’, atá curtha ar bun i roinnt tíortha AE+, cúnamh ar fáil maidir le fostaíocht, cúrsaí teanga, comhairleoireacht do thairbhíthe agus, i gcásanna áirithe, tacaíocht um fhilleadh deonach.

Rinne forbairtí dlí-stuamachta ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais soiléiriú breise ar an idirghníomhaíocht idir cosaint shealadach agus nósanna imeachta cosanta idirnáisiúnta.




1. Coimircí dlíthiúla do leanaí agus d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu



Chun freagairtí cosanta a neartú do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, cuimsíonn an Comhshocrú bearta chun iad a aithint agus chun tacú leo ar bhealach níos tapa, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a riachtanais níos imeachta agus glactha. Príomhdhúshlán do thíortha AE+ is ea oibríochtú na gcoimircí sin i gcónaí. Chun acmhainneacht sa réimse sin a mhéadú, chuir údaráis náisiúnta oiliúint ar fáil do pháirtithe leasmhara éagsúla in 2025, agus chuir siad feabhas ar chórais faisnéise chun comhoibriú a éascú i measc na ngairmithe éagsúla a bhí páirteach sa phróiseas.

In 2025 fosta, chuir mionaoisigh neamhthionlactha fhéindearbhairthe 22 000 iarratas ar thearmann isteach, thart ar aon trian ní ba lú ná mar a bhí in 2024, agus an figiúr ba lú ó 2020 i leith. D'ainneoin gurbh í an Ghearmáin a thairfead an laghdú iomlán ba mhó, ba í fós a fuair an líon ba mhó (4 100 iarratas), arbh ionann é agus beagnach cúigiú den iomlán (*féach Fíor 4*). I ndiaidh na Gearmáine bhí an Ísiltír (3 600), an Iodáil (3 400) agus an Ghréig (3 100). Bhain cúig náisiúntacht le ní ba mhó ná leath de na hiarratais ar thearmann go léir comhdaithe thar ceann mionaoisigh neamhthionlactha in 2025, i.e. Afganastánaigh (2 800), Eiritréaigh (2 400), Éigiptigh (2 300), Somálaigh (2 300) agus Siriaigh (2 100, an líon ba lú riamh).

Fíor 4. Deich dtír AE+ is mó a fhaigheann iarratais ó mhionaoisigh neamhthionlactha fhéindearbhairthe, 2025 i gcomparáid le 2024 agus sciar na n-iarratas a taisceadh ag príomhshaoránacht mionaoiseach neamhthionlactha, 2025



Foinse: Sonraí EUAA maidir leis an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta ar an 3 Feabhra 2026.





Lean údaráis tearmainn d'athbhreithniú a dhéanamh ar a ndlíthe agus ar a mbeartais i dtreo measúnú ildisciplíneach aoise, mar a cheanglaítear faoin Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn agus i gcomhréir le [buntreoir phraiticiúil](#) EUAA a foilsíodh in 2025. Bhí ar roinnt tíortha AE+ aghaidh a thabhairt ar líon neamhleor caomhnóirí dlíthiúla a bhí le ceapadh chun cúram agus tacaíocht a thabhairt do leanaí neamhthionlactha. Lean an tionscadal GuardianXChange, a fuair maoiniú ón Aontas, de bheith ag neartú seirbhísí caomhnóireachta sna ceithre thír AE+ a ghlac páirt ann, arb iad an Bheilg, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSlóivéin.

Le Treoir athbhreithnithe an Aontais um chomhrac na gáinneála le trasú faoi mhí Iúil 2026, chuir Ballstáit den Aontas tionscadail agus gníomhaíochtaí oiliúna éagsúla chun feidhme chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus chun íospartaigh a shainaithint ar bhealach níos fearr. Ó cuireadh tograí an Chomhshocraithe i láthair, chuir roinnt páirtithe leasmhara ábhair imní in iúl maidir leis an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag na hathruithe ar iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu le linn an nós imeachta tearmainn. Agus an próiseas reachtach ar siúl ar an leibhéal náisiúnta, tháinig na hábhair imní sin chun solais arís go minic sa chomhthéacs náisiúnta trí bhíthin nótaí tráchta ar na tograí dlí.

D'ainneoin iarrachtaí chun tacaíocht níos fearr a thabhairt d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu maidir le glacadh, tuairiscíodh dálaí neamhleora agus tacaíocht neamhleor i roinnt tíortha AE+, mar shampla mar gheall ar easpa acmhainní nó bearnaí agus moilleanna sa mhaoiniú. Leanadh le hábhair imní faoi choinneáil daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, go háirithe leanaí, a chur in iúl, a dhoiciméadú i mbreithiúnais chúirte, agus a thuairisciú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Rinne roinnt cásanna cúirte anailís freisin ar riachtanais agus leochaileachtaí speisialta i gcomhthéacs aistrithe agus fillteacha Bhaile Átha Cliath.





Focal scoir

Ba iad na hullmhúcháin dhiana le haghaidh oibríochtú an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann faoi mhí an Mheithimh 2026 na príomhghníomhaíochtaí ar ar tugadh fúthu i mbliana. Chuir EUAA agus na húdaráis náisiúnta araon acmhainní suntasacha ar fáil chun an bhunchloch a leagan don chreat nua um bainistiú chóras cosanta na hEorpa.

Chuiqe sin, rinne tíortha AE+ leithdháiltí suntasacha airgeadais, agus chuir siad dlús le nósanna imeachta soláthair d'fhonn a áirithiú go mbeidh córas Eurodac oibríochtúil in am. Agus tionscnaimh earcaíochta foirne curtha i gcrích acu le blianta beaga anuas, bhí na húdaráis náisiúnta tearmainn in ann díriú ar líon na gcásanna a bhí ar feitheamh a laghdú d'fhonn úsáid chomhthreomhar na gcreataí reachtacha éagsúla a sheachaint a mhéid is féidir as mí an Mheithimh 2026 amach. Rinne roinnt tíortha infheistíocht i mbunú ionad ilchuspóireach, ina bhféadfaidh scagadh, nós imeachta teorann an téarnaimh agus nós imeachta teorann na fillte tarlú san aon áit amháin.

Thacaigh EUAA le tíortha AE+ sna hiarrachtaí sin trí ghníomhaíochtaí éagsúla. Chuir an Ghníomhaireacht treoir agus uirlisí le chéile maidir leis na nósanna imeachta nua, rinne sí nuashonrú ar bhuntreoracha a bhí ann cheana, agus chuir sí oiliúint ar chleachtóirí ó riaracháin náisiúnta i dtaca le forálacha an Chomhshocraithe. In 12 thír, chuir an Ghníomhaireacht tacaíocht oibríochtúil dhíreach ar fáil. Ar leibhéal an Aontais, rinne an Ghníomhaireacht anailís ar fhorbairtí nua, agus chuir sí nuashonruithe staide ar fáil go tapa chun tacú leis an gCoimisiún Eorpach i stiúradh na bpróiseas freagartha, agus chun lucht ceaptha beartas náisiúnta a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr.

Maolaíodh an dualgas i dtaca leis na hullmhúcháin sin beagáinín toisc gur tháinig laghdú ar na hiarratais go 822 000 in 2025, an leibhéal ab ísle ó bhí 2021 ann. Ar an dóigh sin, cuireadh ar chumas na n-údarás náisiúnta ní ba mhó acmhainní a dhíriú ar shreafaí oibre, gnáthnósanna imeachta oibríochtúil agus teimpléid nua a fhorbairt, agus ar na cineálacha cur chuige nua sin a phíolótú sa chomhthéacs náisiúnta.

Léireofar in 2026 an luach praiticiúil a bhaineann leis na hinfheistíochtaí sin a bhí le cur i bhfeidhm an Chomhshocraithe. Ó glacadh leis, tá sé curtha i bhfios ag na páirtithe leasmhara go ndéanfar an Comhshocrú a mheas ar a chumas córais athléimneach tearmainn agus ghlactha a chruthú a bheidh in ann oiriúnú d'athruithe gan choinne i gcomhthéacs domhanda. Díreofar aird in 2026 ar ábharthacht phraiticiúil agus ar thionchar athchóiriú CET. Cruthóidh sé, mar shampla, a mhéid a chumasóidh an t-athchóiriú comhroinnt chothrom dualgas idir na Ballstáit.

Déanfar na socruithe nua a thástáil i ngéarchéimeanna, agus ní mór don chóras a bheith solúbtha i gcónaí chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí ar an leibhéal domhanda, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta. Tá an dinimic athraitheach i gcúrsaí polaitíochta, slándála agus an gheilleagair, maille le géarchéimeanna agus cogaí idirnáisiúnta, tar éis tionchar a imirt ar infhaighteacht an chistithe dhaonnúil agus ar shásraí chun aghaidh a thabhairt ar an easáitiú ar fud an domhain. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar na riachtanais chosanta a eascraíonn as coinbhleachtaí, amhail na cogaí san Iaráin agus san Úcráin, agus ag an am céanna go bhfuil na leithreasuithe airgeadais ar an leibhéal domhanda ag laghdú.

I bhfianaise idirspéachais dhomhanda chasta, tá an Eoraip tar éis páirt réamhghníomhach a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí le tríú tíortha agus iad a fhorbairt chun acmhainneacht a fhothú





maidir le cosaint éifeachtach a sholáthar, agus chun aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta. Ach acmhainneachtaí chun an imirce a bhainistiú agus cearta bunúsacha á n-urramú go hiomlán a mhéadú i dtíortha comhpháirtíochta, d'fhéadfaí cur go mór le cúrsaí cosanta domhanda.

Ar an leibhéal Eorpach, leagtar amach sa chéad Straitéis Eorpach um Imirce agus Tearmann an treo beartais le haghaidh na 5 bliana amach romhainn. Agus béim láidir á leagan ar rialú teorann a fheabhsú, ar rialacha dochta in aghaidh mí-úsáid córas tearmainn agus ar fhilleadh tapa agus éifeachtach, d'fhéadfadh laghdú breise ar líon na n-iarratas i dtíortha AE+ a bheith mar thoradh air. Is féidir le hathruithe ar Rialachán an Nós Imeachta Tearmainn maidir le coincheap an tríú tír shábháilte – agus le teacht i bhfeidhm an Rialacháin nua maidir le Filleadh – a bheith ina bhac d'imircigh nua. Sa chleachtas, áfach, féadfar leis na hathruithe sin rochtain ar chosaint idirnáisiúnta a theorannú dóibh siúd atá i ngátar.

Ar an leibhéal náisiúnta, beidh grinnscrúdú á dhéanamh ar chur i bhfeidhm praiticiúil an Chomhshocraithe agus ar bhearta chun an éifeachtacht a mhéadú. Is dócha go n-áireofar leis seo cur i bhfeidhm an scagtha, eisiúint cinntí dícháilithe d'iarratasóirí a thrasnaigh trí thír eile agus a d'fhéadfadh cosaint éifeachtach a iarraidh ann, agus cuid de na réitigh dhigiteacha atá molta le haghaidh próiseáil níos éifeachtaí. De réir mar a thagann forbairt ar chur i bhfeidhm an Chomhshocraithe, déanfaidh na húdaráis náisiúnta a gcórais a choigeartú bunaithe ar na chéad eispéiris díobh a bheidh ann. Táthar ag súil le ceisteanna maidir le soiléiriú dlíthiúil in 2026, agus táthar ag súil fosta go mbeidh tuilleadh ceisteanna ann sna blianta amach romhainn, ar leibhéal na gcúirteanna náisiúnta, na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Beidh tionchar freisin ag forbairtí i gcomhthéacs níos mó an rialachais imirce – amhail cinneadh ó rialtas na Spáinne maidir le náisiúnaigh tríú tír a thabhairt chun rialtacht a neamhghnách chun iad a lánpháirtíú – ar ualach oibre na n-údarás náisiúnta tearmainn agus, dá bhrí sin, ar oibríochtú an Chomhshocraithe. Maidir le todhchaí an 4.5 milliún Úcránach atá cláraithe faoin Treoir um Chosaint Shealadach, tá tús curtha ag roinnt tíortha le bealaí a chruthú chun aistriú ó chosaint shealadach go cead cónaithe de chineál eile, rud a chruthaíonn dearcachaí nua chun fanacht i dtíortha AE+. Is dócha go mbeidh an treocht seo níos feiceálaí in 2026, agus deireadh shíneadh an réimis cosanta shealadaigh ag teannadh linn i mí an Mhárta 2027.

I bhfianaise an mhéid sin, tá faisnéis fhíorasach atá cothrom le dáta ag teastáil ó thíortha AE+ chun a bpróisis a choigeartú go tráthúil. Tá ról lárnach ag EUAA anseo lena sainchúraimí feabhsaithe feasachta staide agus lena líonraí comhair a thairgeann ardán chun dea-chleachtais a mhalartú, agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin. Thug an Gníomhaireacht tacaíocht ghníomhach do thíortha AE+ in 2025 le linn na hidirthréimhse maidir le hoibríochtú an Chomhshocraithe, agus táimid réidh faoina choinne in 2026 – agus beimid, amach anseo – chun tacaíocht dhíreach a sholáthar, agus chun comhphlé tógalach a choinneáil ar bun chun timpeallacht fheabhsaithe chosanta a chruthú san Eoraip. Ós rud é go gcaithfidh páirtithe leasmhara a mbealach a dhéanamh trí bhearta casta an Chomhshocraithe agus réaltachtaí polaitiúla atá de shíor ag athrú, tá faisnéis agus rannpháirtíocht fós ríthábhachtach do thodhchaí CET.



Tuarascáil tearmainn 2026: Achoimre feidhmiúcháin

Mar spriocfhoinse faisnéise maidir le cosaint idirnáisiúnta san Eoraip, tugtar forléargas cuimsitheach i dTuarascáil tearmainn 2026 ar na príomhfhorbairtí i dtaca léi sin in 2025. San Achoimre feidhmiúcháin cuirtear i láthair leagan giorraithe den phríomhthuarascáil.

Tiomsaíonn Gnómhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) faisnéis faoi gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn. Chuige sin, leagtar amach sa tuarascáil na príomhthreochtaí ó thaobh beartas, cleachtas agus reachtaíochta de a bhaineann le cosaint idirnáisiúnta, agus cuirtear i láthair inti fosta príomhtháscairí le haghaidh na bliana tagartha 2025. Inti tá samplaí den chásdlí chun cabhrú le daoine dlíthe Eorpacha agus náisiúnta a léirmhíniú i gcomhthéacs *acquis* an Aontais maidir le tearmainn.

Baintear leas i dTuarascáil tearmainn 2026 as faisnéis ó raon leathan foinsí – lena n-áirítear ó údarais náisiúnta, ó institiúidí an Aontais, ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, ó eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ón saol acadúil – ar mhaithe le dearcthaí éagsúla a chur san áireamh. Fónann an tuarascáil, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025, mar thagairt do na forbairtí is déanaí i dtaobh na cosanta idirnáisiúnta san Eoraip.